CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/733 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Meitheamh 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2016/849a bhaineann le bearta sriantachai gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2016/849/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849.

(2) An 11 Bealtaine 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le heintiteas amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN

([1]) IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.

IARSCRÍBHINN

I gCinneadh (CBES) 2016/849, Iarscríbhinn I, Cuid B ("Eintitis"), cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 75:

"75.	YUK TUNG ENERGY PTE LTD		80 Raffles Place, #17-22 UOB Plaza, Singapore, 048624, Singapore	30.3.2018	Bainisteoir na long agus bainisteoir tráchtála YUK TUNG, a rinne táirgí peitriliam scagtha a aistriú ó long go long. "